

## Measúnú ar Ionduchtúchán Thar Lear – Bunscoil agus Iarbhunscoil

Má chuir tú próiseas ionduchtúcháin foirmiúil i gcrích i dtír eile, tá dualgas ort iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le go ndéanfar measúnú ar an bpróiseas sin lena dheimhniú an bhfuil an cháilíocht aitheanta in Éirinn.

Ní mór don phróiseas ionduchtúcháin na critéir seo a leanas a chomhlíonadh le bheith curtha san áireamh le measúnú a dhéanamh ort:

- Ní mór go mbeadh iarcháilíocht mar mhúinteoir a bheith curtha i gcrích
- Ní mór go mairfeadh an cháilíocht ar feadh bliain amháin ar a laghad
- Ní mór go ndéanadh údarás inniúil an cháilíocht a dheimhniú, e.g. Aireacht Oideachais/Comhairle Mhúinteoireachta sa tír inar cuireadh an próiseas ionduchtúcháin i gcrích
- Ní mór don mhúinteoir bheith freagrach as rang príomhshrutha agus curaclam a theagasc atá aitheanta go náisiúnta don aoisraon atá idir 4 bliana agus 12 bhliain d'aois i ó thaobh múinteoirí bunscoile agus idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois ó thaobh múinteoirí iarbhunscoile
- Ní mór struchtúr meantóireachta/tacaíochta a bheith curtha san áireamh sa phróiseas ionduchtúcháin
- Ní mór go mbeadh an próiseas curtha ar bhonn foirmiúil go himmheánach ag leibhéal na scoile agus deimhnithe go seachtrach ag leibhéal an stáit

Is é seo a leanas an fhianaise nach mór a chur isteach le do litir iarratais:

1. Do thras-scríbhinn acadúil ina bhfuil fianaise maidir leis an dáta a chuir tú do cháilíocht oideachais mhúinteora i gcrích.
2. Léargas ginearálta den phróiseas ionduchtúcháin foirmiúil atá foilsithe ag an údarás inniúil.
3. Torthaí/tuairiscí inmheánacha agus seachtracha a chur léi.

### Ó thaobh múinteoirí Bunscoile:

Na dátaí a mhair an próiseas ionduchtúcháin, agus líon na laethanta ar scoile a cuireadh i gcrích agus an suíomh ranga á sonrú agat – ní mór go mbeadh sé seo sonraithe ag an scoil agus ag údarás inniúil.

### Ó thaobh múinteoirí Iarbhunscoile:

(i) Foirm B atá comhlánaithe, a chuireann fianaise ar fáil de thaithí teagaisc 300 uair an chloig in Iarbhunscoil aitheanta

(ii) Dátaí agus tréimhse ama an phróisis ionduchtúcháin

Ní mór (i) agus (ii) a bheith deimhnithe ag an scoil agus ag údarás inniúil.

Má bhíonn aon cheisteanna eile agat faoi na critéir thuas, téigh i dteagmháil leis an bhFoireann Coinníollacha ar ríomhphost ar [Conditions@teachingcouncil.ie](mailto:Conditions@teachingcouncil.ie) nó cuir do chomhfhreagras ar aghaidh chuig An Fhoireann Coinníollacha, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire.